# TEORAINNEACHA A SHÁRÚ

STRAITÉIS I DTREO

2030

UCD DUBLIN

# AD ASTRA I DTREO NA RÉALTAÍ



**Rinne mic léinn, dámh agus foireann UCD an chéad satailít de chuid na hÉireann a dhearadh agus a thógáil, satailít a seoladh go rathúil i mí na Nollag 2023. Caitheadh tuairim is 20,000 uair an chloig ag tástáil agus ag réiteach fadhbanna roimh thuras EIRSAT-1 go spás.**


Seo scéal faoin gcéad turas de chuid na hÉireann i dtreo na réaltaí agus, thairis sin, seo scéal faoin gcaoi ar thug UCD saineolaithe agus foghlaimeoirí le chéile ó dhisciplíní éagsúla chun fís mhór a shaothrú, agus faoin gcaoi a bhfuil ár gcomhpháirtíocht leis an tionscal ag cruthú earnáil nua spáis in Éirinn. Seo scéal freisin faoi leanaí scoile a d'oibrigh le hollamh le scríbhneoireacht chruthaitheach de chuid UCD chun *All Ways Home* a scríobh, an dán atá inscríofa anois ar an tsatailít atá ag fithisiú.

Seo scéal faoi UCD, agus léirítear ann a bhfuilimid in ann a bhaint amach nuair a sháraímid teorainneacha ar fud ár n-ollscoile agus níos faide i gcéin chun fís shoiléir a shaothrú le heolas, le díograis agus le dúthracht. Ní raibh mama ár n-ollscoile, Ad Astra – i dtreo na réaltaí – níos oiriúnaí riamh.

# DIFEAR A DHÉANAMH



UCD DUBLIN



Is ollscoil í Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá ag iarraidh difear a dhéanamh don domhan timpeall orainn.  Bhí mo chéad taithí agam air sin nuair ba mhac léinn innealtóireachta mé in UCD sna 1980í, nuair a bhain mé tairbhe as tiomáint na hollscoile chun oideachas den chéad scoth a sholáthar, oideachas a bhí i bhfad sa bhreis ar riachtanais na tíre an tráth sin. Ba cheann feadhna é an tallann sin a cothaíodh in UCD ar an gclaochlú iontach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann ón tráth sin i leith.

Ní mór dúinn anois freagairt UCD ar dhúshláin agus ar dheiseanna an lae inniu a phleanáil. Is é sin cuspóir na straitéise seo.

D'eascair na smaointe atá mar bhonn taca lenár straitéis as comhairliúchán fairsing le pobal uile na hollscoile agus le páirtithe leasmhara seachtracha, agus táim an-bhuíoch díobh siúd uile a chomhroinn a gcuid smaointe le linn an phróisis sin.

Déantar na smaointe sin, mar aon leis na gníomhaíochtaí a chuirfidh beocht iontu, a chur i láthair anseo i straitéis a bhaineann go sainiúil agus go so-aitheanta le UCD, agus a dhíríonn ar ár n-uaillmhian a chur chun cinn agus ár luachanna a léiriú sa saol seo atá ag athrú go tapa.

Leis an straitéis, léirítear ollscoil fhuinniúil ghnóthach atá domhanda, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe, a chuireann claochlú dearfach ar fáil trí ghníomhaíochtaí taighde, oideachasúla agus rannpháirtíochta a neartaíonn gach comhpháirtí agus trí thiomantas don bharr feabhais. Tabharfaidh sé treoir dúinn maidir le bunú scileanna nua, iomaíochas tionscail, agus úsáid Intleacht Shaorga agus teicneolaíochtaí digiteacha eile. Tacóidh sé linn freisin an muintearas a fheabhsú ar fud ár n-ollscoile agus i measc ár gcéimithe, agus bród as a mbainfimid amach le chéile a chothú.

Leanfaidh tréimhse na straitéise seo go dtí deireadh 2029 agus tús an cheathrú deich mbliana de chéad an-suaiteach. I dtreo dheireadh na tréimhse sin, déanfaimid ceiliúradh ar chomóradh 175 bliain de bhunú ár n-ollscoile.  Faoin tráth sin, beidh sé soiléir conas a thacaigh an straitéis seo linn maidir lenár dtraidisiún iontach a fhorbairt chun ár dtionchar dearfach ar Éirinn, ar an domhan agus ar shaol ár mac léinn a chur chun cinn go huaillmhianach.

Táim ag tnúth le hobair le pobal uile UCD, agus lenár gcomhpháirtithe tiomanta, chun an uaillmhian sa straitéis seo a chur i gcrích.

**An tOllamh Orla Feely**
**Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**



# AN T-AM ATÁ CAITE

## Ár n-oidhreacht

Bunaíodh UCD in 1854, agus bhí St John Henry Newman mar Reachtaire bunaidh againn.  Tháinig fás tapa orainn ó thaobh scála agus tionchair de, agus bhí ról lárnach ag foireann, mic léinn agus céimithe UCD sna himeachtaí a raibh saoirse na hÉireann agus bunú Shaorstát Éireann mar thoradh orthu breis is céad bliain ó shin.


Ó shin, níl sárú ar an tionchar a bhí ag ár n-ollscoil agus ag ár bpobal ar fhorbairt chlaochlaitheach na hÉireann. Tá rath thar na bearta bainte amach ag ár gcéimithe ar fud an domhain, ó bhoinn óir Oilimpeacha go Duais Nobel, ag treorú cuid de na cuideachtaí is mó ar domhan, ag treorú an tsaoil phoiblí, agus ag treorú claochlaithe cultúrtha agus sochaíocha.

# AN T-AM I LÁTHAIR

## UCD inniu

Tá UCD ina chroílár de gheilleagar, de chultúr agus de shochaí bhríomhar na hÉireann agus is muid an ollscoil is mó sa tír a bhfuil an tionchar is mó aici, le breis is 38,000 mac léinn ó bhreis is 150 tír agus breis is 300,000 céimí ar fud an domhain. Is muidne ollscoil dhomhanda na hÉireann, an ollscoil is mó ina labhraítear Béarla san Aontas Eorpach, agus is comhpháirtí gníomhach muid sa chomhghuaillíocht ollscoileanna Una Europa agus i ngréasáin mhóra ollscoile eile.

Is ceannaire muid sa taighde agus sa nuálaíocht thar réimse leathan disciplíní. Tá ár gcampas 133 heicteár i mBaile Átha Cliath i measc na gcampas fearainn páirce is breátha ar domhan, acmhainn a leagann an-chuid daoine luach air. Aithníodh ár dtiomantas don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsiú le Duais Airgid Athena Swan, agus rangaítear muid sa chéad áit in Éirinn agus sa 50ú háit ar domhan maidir le hinbhuanaitheacht.



# AN T-AM ATÁ LE TEACHT

**In 2030, beidh UCD**

- ag tacú le réimse mac léinn a bheidh níos éagsúla ná riamh chun a gcumas a bhaint amach trí oideachas saibhir cumhachtaithe a chur ar fáil dóibh.
- ina heiseamláir maidir le tacú le heispéireas, le folláine agus le muintearas mac léinn.
- ina ceann scríbe is fearr le daoine maidir le baill foirne teagaisc, foireann agus mic léinn den chéad scoth.
- ina háit fháilteach chorraitheach do chách inár bpobal.
- ag seachadadh taighde cheannródaíoch a bhfuil tionchar soiléir aige ar shaincheisteanna sainiúla ár n-aoise, agus Intleacht Shaorga (AI), Aon Sláinte Amháin agus Claochlú Sochaíoch san áireamh.
- ina ceannaire ar nuálaíocht agus fiontraíocht ollscoile, ag tacú le hiomaíochas tionsclaíoch na hÉireann agus na hEorpa.
- ina ceannaire ar ghiniúint eolais, foghlama agus gníomhaíochta ar fud chlár oibre na hinbhuanaitheachta, agus astaíochtaí carbóin laghdaithe faoi 51% agus ar an mbóthar ceart i dtreo neodrachta faoi 2040.
- mar phríomhollscoil na hÉireann ó thaobh tionchair a bhaint amach trí chomhpháirtíocht, agus ina comhpháirtí iontaofa domhanda.
- ina foinse léargais agus neamhchlaontachta ar shaincheisteanna atá thar a bheith tábhachtach don tsochaí.
- infheicthe agus inrochtana mar chaomhnóir agus cosantóir chultúr agus oidhreacht na hÉireann.
- iontaofa, freagrach agus láidir ó thaobh airgeadais.
- ag seachadadh tacaíochtaí comhtháite agus ag úsáid sonraí, AI agus teicneolaíochtaí digiteacha eile chun ár ngníomhaíochtaí ar fad a fheabhsú.
- bunaithe go daingean i measc na 20 ollscoil is fearr san Aontas Eorpach.

## FÍS:

# BEIDH CLÚ AGUS CÁIL AR UCD MAR OLLSCOIL FHUINNIÚIL GHNÓTHACH AGUS MAR THIONCHAR CLAOCHLAITHEACH IN ÉIRINN, SA DOMHAN MÓR AGUS I SAOL ÁR MAC LÉINN

## MISEAN:

EOLAS A CHRUTHÚ, FOGHLAIM A CHUMHACHTÚ AGUS DUL I DTEAGMHÁIL LE COMHPHÁIRTITHE CHUN TIONCHAR A THIOMÁINT ÓN OIDEACHAS AGUS ÓN TAIGHDE

LUACHANNA:


BARR FEABHAIS | RANNPHÁIRTÍOCHT | CRUTHAITHEACHT | COMHGHLEACAÍOCHT | IONRACAS | IONCHUIMSIÚ |

UCD DUBLIN

# TEORAINNEACHA A SHÁRÚ

STRAITÉIS I DTREO 2030






Le Straitéis i dTreo 2030 de chuid UCD, tugtar faoi na teorainneacha ar an eolas atá ann faoi láthair inár dtaighde, inár scoláireacht agus inár nuálaíocht a shárú chun torthaí bunúsacha a sheachadadh ar cheisteanna tábhachtacha.

Tugtar faoi chomhcheangal go cruthaitheach idir disciplíní agus oibriú le comhpháirtithe chun tionchar agus barr feabhais a thiomáint san oideachas agus sa taighde a chuirimid ar fáil.

Tugtar faoi rochtain a fhorbairt ar ár n-oideachas do phobal foghlaimeoirí níos éagsúla ar feadh a saoil, agus páirt intinneach shofhreagrúil a ghlacadh ar fud na tíre agus ar fud an domhain.

Is é UCD ollscoil dhomhanda na hÉireann, pobal ionchuimsitheach agus spreagthóir gníomhaíochta dearfaí le haghaidh na hinbhuanaitheachta, agus beidh na buanna sinle feiceáil inár gcuid gníomhaíochtaí uile.


GNÓTHACH GO DOMHANDA
Foghlaim don Saol
Taighde le hUaillmhian
Campais Fhisiceacha & Dhigiteacha
OneUCD
Fréamh Éireannach, Raon Domhanda
Eispéireas Mhic Léinn UCD
FOGHLAIM ÚRNUA
TIONCHAR I gCOMHAR
TÚS ÁITE DON FHOGHLAIM & DON NUÁLAÍOCHT
UCD DUBLIN
INBHUANAITHEACHT A THIOMÁINT
IONCHUIMSIÚ A CHOTHÚ

Ár dtrí phríomhcheann taca, lena dtreoraítear muid chun teorainneacha a shárú agus tionchar buan fiúntach a sheachadadh:

## Foghlaim Úrnua

## Tús áite don Fhoghlaim & don Nuálaíocht

## Tionchar i gComhar

Chun athrú a thiomáint sna trí chrann taca seo, infheisteoimid i ngníomhaíocht a bheidh dírithe ar shé thionscnamh trasearnála:

## Foghlaim don Saol

## Eispéireas Mhic Léinn UCD

## Taighde le hUaillmhian

## Fréamh Éireannach, Raon Domhanda

## OneUCD

## Campais Fhisiceacha & Dhigiteacha

Inár n-iompar agus inár ngníomhaíochtaí, léireoimid na buanna seo a leanas de chuid UCD:

## Gnóthach go Domhanda

## Ionchuimsiú a Chothú

## Inbhuanaitheacht a Thiomáint



# ÁR DTRÍ CHEANN TACA

## FOGHLAIM ÚRNUA

Cuirfimid feabhas ar ár gcuraclam chun an tacar níos leithne scileanna agus buanna a theastaíonn ónár gcéimithe a sheachadadh ionas go seasfaidh siad amach sa saol atá níos casta ná riamh. Méadóimid rochtain ar ár bpunann de chláir shármhaithe oideachais, agus cúlraí éagsúla foghlaimeoirí an lae inniu le linn a saoil agus a ngairmeacha á n-aithint againn. Tabharfaimid tús áite don mhuintearas dár mic léinn uile. Feabhsóimid ár gcampais fhisiceacha agus dhigiteacha ar bhealach comhtháite chun tacú leis na haidhmeanna sin.

## TÚS ÁITE DON FHOGHLAIM AGUS DON NUÁLAÍOCHT

Bainfimid leas as ár láidreachtaí agus as ár gcomhpháirtíochtaí uile chun eolas a chruthú, tallann a chothú agus tionchar a bhaint amach trínár dtaighde agus trínár nuálaíocht. Oibreoimid ar scála idir disciplíní sna réimsí ina mbeidh an tionchar is mó. Beidh na teorainneacha idir an ollscoil agus ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe níos oscailte, agus beidh smaointe agus tallann ag bogadh go héasca eatarthu. Tacóimid lenár dtaighdeoirí leis na seirbhísí comhtháite a theastaíonn uathu chun a bheith rathúil.



# TIONCHAR I GCOMHAR

Éascóimid malartú daoine agus smaointe níos éifeachtaí trí chomhpháirtíochtaí eiticiúla le hinstitiúidí taighde, tionscail, eagraíochtaí tríú hearnáil agus le lucht déanta beartas. Beimid níos cróga ag roinnt ár scéalta trínár gcumarsáid, rud a neartóidh muinín agus iontaoibh. Beidh tionchar againn trínár rannpháirtíocht in Éirinn, lenár gcomharsana sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain.

**Is suntasaí agus is uaillmhianaí a bheidh UCD nuair a thagann na trí cheann taca sin le chéile:** nuair a thagann an barr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim le chéile leis an mbarr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht, agus an dá rud sin á spreagadh ag ár rannpháirtíocht sna príomh-shaincheisteanna atá le sárú ag daoine agus ag an bpláinéad, agus an dá rud ag spreagadh na rannpháirtíochta sin ina dhiaidh sin. Príomhshampla amháin den mhéid sin faoin straitéis seo is ea ár n-institiúid nua AI agus teicneolaíochtaí digiteacha, a thabharfaidh le chéile ár gcumas cumhachtach trasearnála sa réimse sin san oideachas, sa taighde agus nuálaíocht, agus sa rannpháirtíocht.

# FOGHLAIM DON SAOL



Beidh aithne i gcónaí ar chéimithe UCD as an eolas domhain atá acu ar a ndisciplín, eolas a shaibhrítear le taighde agus atá bunaithe i gcríochnúlacht.

Agus muid ag forbairt na bunchloiche barr feabhais sin, feabhsóimid na struchtúir céime atá againn agus cruthóimid struchtúir nua le haghaidh seachadadh clár. Ullmhóimid ár mic léinn ionas go n-éireoidh leo sa saol suaiteach atá ann faoi láthair, agus éascóimid solúbthacht agus rochtain maidir leis an oideachas a chuirfimid ar fáil ar gach leibhéal agus i ngach modh.

Oibreoimid chun na scileanna, na hinniúlachtaí, na buanna agus an t-iompar a chothú lena réiteofar ár gcéimithe ionas go n-éireoidh leo.

Agus an gá méadaithe atá ann le haghaidh deiseanna foghlama ag gach céim den saol á aithint againn, spreagfaimid réimse níos leithne mac léinn agus cuirfimid fáilte rompu, agus tacóimid leo le struchtúir agus timpeallachtaí foghlama solúbtha a chumasaítear leis an teicneolaíocht.

Trí shineirgí feabhsaithe lenár dtaighde, agus le comhpháirtithe domhanda agus tionscail, cuirfidh ár mic léinn lena bhfeasacht faoi na deiseanna móra atá ar fáil dóibh agus beidh siad réidh dóibh.

> **Trí bharr feabhais an oideachais a chuirimid ar fáil, meallfaimid agus cumasóimid pobal foghlaimeoirí atá níos éagsúla ná riamh chun barr a gcumas a bhaint amach agus chun ár sochaí a thabhairt chun cinn sa saol suaiteach.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- deiseanna struchtúrtha a chur ar fáil dár mic léinn chun an t-eolas agus na scileanna atá acu a fhorbairt i réimsí ar AI scileanna digiteacha, nuálaíochta, inbhuanaitheachta, ceannaireachta, folláine, agus teangacha.
- tacú lenár mic léinn le bheith ina gcleachtóirí machnamhacha a bhfuil tras-scileanna láidre acu, trí dheiseanna feabhsaithe a sholáthar le haghaidh foghlaim ó thaithí, foghlaim chomhtháite oibre agus rannpháirtíocht dhomhanda.
- éagsúlacht agus solúbthacht ár bpunann roghanna foghlama a fhorbairt, a thacóidh lenár n-uaillmhian barr feabhais agus deis eispéiris foghlama UCD a thabhairt d'fhoghlaimeoirí thar thréimhsí a mbeatha.
- na cláir forbartha agus na tacaíochtaí gairme atá againn a fhorbairt do thaighdeoirí céime agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta, rud a fheabhsóidh an muintearas do na grúpaí sin agus a chruthóidh deiseanna nua chun eolas a chomhroinnt agus a bheith rannpháirteach idir disciplíní.
- an curaclam, socrú amchláir, na modhanna measúnaithe agus ualú creidiúnú atá againn a athchóiriú chun an teagasc agus an fhoghlaim a bharrfheabhsú i ngach modh agus ar gach leibhéal.
- na tacaíochtaí forbartha a chomhtháthú agus a fhorbairt dár mbaill foirne teagaisc agus dár bhfoireann, agus an cumas atá againn chun fás mar eagraíocht ina ndéantar anailís, machnamh agus foghlaim a fhorbairt.



**An cód a bhriseadh:** *Agus blianta fada d'obair cheannródaíoch sa mheaisínfhoghlaim, san eolaíocht sonraí agus i dteicneolaíochtaí digiteacha á gcomhcheangal, is féidir le UCD forbairtí i dtaighde agus foghlaim AI agus teicneolaíochta a thiomáint i réimsí tábhachtacha. Féachann ár gcláir foghlama sa bheartas digiteach ar na forbairtí sin i gcomhthéacs ár bhfolláine mar shochaí, ag tacú lenár mic léinn chun machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí eiticiúla, polaitiúla, dlíthiúla agus sochaíocha atá ag AI agus ag teicneolaíochtaí nua agus chun an tuiscint sin a chur i bhfeidhm mar a dtagann an teicneolaíocht agus an tsochaí chun cinn.*

# EISPÉIREAS MHIC LÉINN UCD



Tá níos mó i gceist le heispéireas ollscoile ná clár staidéir amháin – baineann sé le forbairt phearsanta i bpobal fuinniúil tacúil.

Leagfar béim leis an straitéis seo ar an eispéireas, folláine agus muintearas a bharrfheabhsú do mhic léinn UCD thar gach modh foghlama. Leis an eispéireas laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de, tacóimid leis an bpobal mac léinn atá níos éagsúla ná riamh ionas go mbeidh rath orthu. Leis an gcóimheas feabhsaithe ball foirne teagaisc-mac léinn, tacófar leis sin.

Mar ollscoil dhomhanda na hÉireann, cuirfimid eispéireas mhic léinn UCD saincheaptha ar fáil dár mic léinn lasmuigh d'Éirinn, agus eispéireas domhanda ar fáil dár mic léinn anseo i mBaile Átha Cliath.

Tá comhpháirtíocht na mac léinn lárnach don chaoi a gcuirimid eispéireas ar fáil lena gcumhachtaítear mic léinn maidir lena bhfás agus a spriocanna, agus ina bhforbairt phearsanta mar shaoránaigh a thugann rud éigin ar ais dá bpobal agus dá sochaí.

Leanfaimid d'éagsúlacht ár bpobal mac léinn a fhorbairt, ag doimhniú a thuilleadh an tionscnamh Ollscoil do Chách, ag leathnú rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht san fhoghlaim in UCD agus ag cinntiú go bhfuil na tacaíochtaí i bhfeidhm chun é a chur ar a gcumas do gach mac léinn rath a bheith orthu. Ar an mbealach sin, cuirfimid beocht inár mana Cothrom na Féinne, a léiríonn ár dtiomantas don chothroime.

> **Beidh eispéireas mac léinn UCD sainiúil agus claochlaitheach.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Oifig Eispéireas agus Folláine na Mac Léinn a bhunú chun na tionscnaimh, seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraímid dár mic léinn a fheabhsú.
- tús áite a thabhairt do spásanna, seirbhísí agus cláir inrochtana ionchuimsitheacha d'ardchaighdeán a chur ar fáil a chothóidh an pobal agus a fheabhsóidh eispéireas na mac léinn. Déanfar athshamhlú ar an leabharlann, áiseanna spóirt agus sóisialta, iostas, roghanna bia, iompar poiblí agus ar champas digiteach san áireamh leis sin.
- tacú le pobal mac léinn atá níos éagsúla ná riamh chun muintearas a fháil in UCD, agus réimse leathan deiseanna sa spórt, i gcumainn, in obair dheonach agus in ionadaíocht mac léinn san áireamh.
- ár gcóimheas ball foirne teagaisc-mac léinn a fheabhsú.
- ár gcomhoibriú domhanda a dhoimhniú chun eispéireas agus inniúlachtaí idirchultúrtha mhic léinn UCD a chur chun cinn, agus chun a n-uaillmhian agus a gcumas rannchuidiú leis an domhan a fhorbairt.
- cur chun feidhme an dearaidh uilíoch a chur chun cinn mar phrionsabal lárnach chun tacú leis an bhfoghlaim ionchuimsitheach agus le forbairt campais ionchuimsitheach.
- dul i bpáirtí go gníomhach lenár mic léinn chun a gcuid tosaíochtaí a thuiscint agus chun freagairt dóibh, agus chun comhthuiscint ar an bhfreagracht i leith na hollscoile agus na sochaí s'againne a fhorbairt.



**Teorainneacha sóisialta a shárú:** *Tagann breis is aon trian d'fhochéimithe nua UCD ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Lenár gceannaireacht sa dearadh uilíoch, soláthraítear creat a théann chun tairbhe ár mic léinn go léir agus a chothaíonn timpeallacht oideachasúil ionchuimsitheach trí rochtain agus ionchuimsiú a chur chun cinn sna seomraí ranga, sna háiseanna agus sna tacaíochtaí mac léinn uile.*

# TAIGHDE LE HUAILLMHIAN



Baineann an taighde agus nuálaíocht ag UCD leas as fairsinge agus doimhneacht an tsaineolais atá againn chun eolas agus réitigh thábhachtacha a sheachadadh. Ón inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus an oidhreacht chultúrtha a léirmhíniú, go cúram sláinte a athrú ó bhonn agus ár ndomhan digiteach a dhearadh, tá ár dtaighdeoirí ar thús cadhnaíochta i réimsí a théann i bhfeidhm ar an todhchaí.

Trínár Straitéis i dTreo 2030, tacóimid le taighdeoirí UCD chun a saineolas idir disciplíní a chomhcheangal chun teorainneacha nua eolais a fhiosrú agus chun tógáil ar scála i réimsí inar féidir le UCD an tionchar is mó a sheachadadh.


Beidh UCD ina eiseamláir don mhéid is féidir a bhaint amach trí chomhoibriú domhain agus éagsúil go náisiúnta agus ar fud an domhain, a thabharfaidh braislí le chéile le haghaidh tionchair, le sreabhadh leanúnach smaointe, eolais agus saineolais idir comhpháirtithe.

Eascróidh ár gceannaireacht ar smaointeoireacht as guthanna ár n-acadóirí bunaithe ar a gcuid taighde agus scoláireacht, ní trí staideanna institiúideacha a ghlacadh, agus beidh meas againn ar an tsaoirse acadúil agus seasfaimid leis i gcónaí.

> **Trí chomhoibriú le huaillmhian, agus trí thaighde agus nuálaíocht den chéad scoth a sheachadadh atá fréamhaithe sa chríochnúlacht agus san ionracas, beidh UCD ina thimpeallacht taighde fhuinniúil ina mbíonn rath ar dhaoine, ina mbaintear amach smaointe cróga, agus ina seachadtar tionchar chun tairbhe na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- institiúid a bhunú le haghaidh taighde, oideachas, eitic agus beartas IS agus teicneolaíochtaí digiteacha, ina dtugtar le chéile an pobal éagsúil atá ag fás i réimse taighde agus nuálaíochta idirdhisciplíneach agus trasearnála IS agus teicneolaíochtaí digiteacha ag UCD chun tionchar mór a chur ar fáil.
- ár n-acmhainn a fhorbairt chun eolas a dhéanamh don bheartas poiblí trínár dtaighde.
- tacú le réimsí taighde trasearnála mórscála barr feabhais agus tionchair atá ann cheana, ar nós Aon Sláinte Amháin agus Inbhuanaitheacht, chun fás le huaillmhian, agus chun príomhréimsí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus chun tacú leo.
- an nuálaíocht i ngach foirm a leabú ar fud ár dtaighde agus ár n-oideachas agus an nuálaíocht a fhorbairt ar fud ár gcampais.
- eispéireas an taighdeora a fheabhsú trí sheirbhís chomhtháite atá taighdeoir-lárnach agus a laghdaíonn maorlathas an taighde.
- an bonneagar, áiseanna agus teicneolaíochtaí digiteacha is gá chun tacú lenár dtaighde a shainaithint, na hacmhainní chun tacú leo a lorg, agus a chinntiú go bhfuil siad comhtháite agus inrochtana.
- taighdeoirí agus baill foirne teagaisc den chéad scoth a mhealladh, trínár gclár comhaltachta Ad Astra cuir i gcás, agus tacú leo chun a n-uaillmhianta a bhaint amach ag UCD.
- an dea-chleachtas a chur chun cinn inár gcultúr taighde, agus an tsaoirse acadúil mar bhonn taca faoi.




**An Úrnuacht:** *Is ceannaire é UCD maidir le hiarratais ar phaitinní, bunú seach-chuideachtaí agus comhoibriú taighde leis an tionscal. I gcás Equal1, seach-chuideachta de chuid UCD agus an chéad chuideachta ríomhaireachta candamaí in Éirinn, tá an chéad slis ríomhaireachta hibrideach candamach-clasaiceach ar domhan forbartha aige. Déanann an tslis na deicheanna bliain dul chun cinn a scaoileadh chun an domhan AI-cumasaithe a chumhachtú agus, an tráth céanna, úsáid fuinnimh na n-ionad sonraí á laghdú faoi 20.*

# FRÉAMH ÉIREANNACH RAON DOMHANDA



Is dual do UCD, mar ba dhual di riamh anall, difear a dhéanamh. Níl ár sárú ann maidir lenár dtionchar ar fhorbairt na hÉireann agus braitear ár dtionchar ar fud an domhain sa lá atá inniu ann.

Le linn thréimhse na straitéise seo, forbróidh UCD an staid atá againn mar shócmhainn straitéiseach shoiléir luachmhar d'Éirinn agus do Bhaile Átha Cliath, ag tacú leis an gcéad chéim eile d'fhorbairt eacnamaíoch agus sochaíoch na tíre agus na cathrach, agus ag tacú lenár gcultúr, oidhreacht agus teanga náisiúnta.

Forbróimid an ról atá againn mar ollscoil dhomhanda na hÉireann, ag cur scoth na hÉireann i láthair don domhan agus scoth an domhain d'Éirinn, ag méadú ár gcomhpháirtíochtaí domhanda straitéiseacha.


Forbróimid ár bpróifíl agus ár gcáil in Éirinn agus ar fud an domhain mar ollscoil den chéad scoth agus mar chomhpháirtí iontaofa. Tríd an tionchar a bhíonn ag an obair a dhéanaimid a chur in iúl go diongbháilte, spreagfaimid tacaíocht fheabhsaithe dár n-ollscoil agus dár misean.

Mothóidh ár gcéimithe nasc feabhsaithe le UCD agus beidh siad chomh bródúil as ár n-ollscoil agus atá muidne astusan.

> **Trínar rannpháirtíocht ghníomhach in Éirinn agus ar fud an domhain, cothóimid muinín in acmhainn UCD, agus tacaíocht dó, chun dul i ngleic le deiseanna agus dúshláin an lae inniu agus chun deiseanna agus dúshláin an lae amárach a mheas.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- na comhpháirtíochtaí atá againn le heagraíochtaí a bhfuil an uaillmhian agus na luachanna céanna acu a fhorbairt, ag díriú ar chomhpháirtíochtaí ar scála agus comhionannais a chuireann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, mar aon leis an taighde agus leis an nuálaíocht, agus a bhfuil conair shoiléir intomhaiste acu i dtreo tionchair.
- é a dhéanamh níos éasca do chomhpháirtithe a bheith rannpháirteach linn, agus comhordú inmheánach na gcomhpháirtíochtaí leathana atá againn a fheabhsú
- an bhéim a leagaimid ar ár scéalta a insint agus ar thacaíocht a chothú dár n-ollscoil a mhéadú, ag comhtháthú ár n-acmhainn margaíochta agus cumarsáide chun teachtaireacht sheachtrach chomhtháite bharántúil a chur in iúl.
- ár rannpháirtíocht a fhorbairt ar fud oileán na hÉireann, agus leis an Ríocht Aontaithe agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus na ceithre straitéis réigiúnacha atá againn a chur chun feidhme ag giaráil tacaíocht Ionaid Dhomhanda UCD i Nua Eabhrach, Béising, Deilí, Dubai agus in Kuala Lumpur.
- an rochtain ar ár mbailiúcháin shármhaithe chultúrtha agus oidhreachta a mhéadú, fad a fhorbróimid ár naisc chultúrtha in Éirinn agus ar fud an domhain le gníomhaíochtaí ar fud na hollscoile lena gceiliúrtar an cultúr agus an chruthaitheacht.
- suntas a tharraingt ar an nGaeilge i ngach cuid dár n-ollscoil.
- caidreamh buan a chothú le céimithe a thacaíonn lena rath agus a cheiliúrann é, agus a thugann luach dóibhsean agus don ollscoil.



**Teorainneacha san oidhreacht chultúrtha a shárú:** *Glacann UCD ról ríthábhachtach maidir le hoidhreacht na hÉireann a chosaint, agus iad ag coimeád ábhair lena mbaineann suntas náisiúnta agus domhanda araon. Ó pháipéir pholaitiúla agus cartlanna liteartha go Cnuasach Bhéaloideas Éireann (cuid de chlár Chuimhne an Domhain de chuid UNESCO), is acmhainn iontach iad ár mbailiúcháin do scoláirí agus don phobal i gcoitinne.*

# ONE UCD



Bainfear rath UCD amach trínár ndaoine. Cuirfimid cultúr fuinniúil ionchuimsitheach uaillmhianach chun cinn atá bunaithe ar ár luachanna agus a chomhroinntear ar fud na heagraíochta. Beidh aithne ar UCD mar phobal an-ionchuimsitheach agus mar áit iontach le hobair ann, agus cothóimid muintearas do chách in UCD.

Feabhsóimid comhtháthú na dtacaíochtaí agus na pleanála faoin straitéis seo, agus tiomáinfidh eispéireas an úsáideora, agus ní struchtúir eagraíochtúla, ár seirbhísí. Laghdóimid an maorlathas agus méadóimid an úsáid a bhainimid as teicneolaíochtaí digiteacha lena chinntiú gur féidir am agus tallann ár bhfostaithe a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí, agus go mbeidh taithí ag ár mic léinn, ag ár mbaill foirne na nDámh, ag ár bhfoireann agus ag ár gcomhpháirtithe ar sheirbhís a fhreastalaíonn ar a riachtanais.

Forbróimid an bonn ioncaim éagsúil atá againn chun tacú lenár n-uaillmhianta agus bainisteoimid ár n-airgeadas go cúramach, ag ailíniú ár n-acmhainní lenár dtosaíochtaí agus lenár luachanna. Molfaimid an maoiniú rialtais is gá ar bhealach éifeachtach, agus méadóimid ár rannpháirtíocht agus ranníocaíochtaí daonchairdiúla. Déanfaimid pleanáil iomlánaíoch don fhás, agus an líon mac léinn i bpríomhréimsí á méadú ar aon líne leis an ngá agus leis na hacmhainní atá ar fáil.

> **Mar phobal ionchuimsitheach agus eagraíocht chomhtháite, beidh UCD ina áit gur féidir cumas a bhaint amach.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- tacaíochtaí a fheabhsú ar fud na saolré uile, ó earcú mac léinn go rannpháirtíocht céimithe, agus ón bhfostú go dtí dul ar scor dár bhfostaithe, ionas go mbeidh mothú na fáilte buaine agus an mhuintearais ag UCD dár bpobal uile.
- comhordú na bpríomhsheirbhísí agus na bpríomhthacaíochtaí a neartú don fhoireann, do mhic léinn agus do chomhpháirtithe chun ár n-éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú, agus chun luach a chur lenár ngníomhaíochtaí.
- cur chuige nua maidir le pleanáil chomhtháite a chur chun feidhme lena gcinntítear go gcuirtear an straitéis seo chun feidhme trí phleananna gníomhaíochta ar fud na hollscoile. Sainaithneoimid príomhbhearta maidir le dul chun cinn agus tabharfaimid tuairisc orthu sin, rud a thabharfaidh trédhearcacht faoin méid a dhéanaimid agus faoin gcaoi a ndéanaimid é.
- obair le Fondúireacht UCD chun bronnadh daonchairdiúil dár n-ollscoil a mhéadú go mór.
- plean infheistíochta comhtháite a sheoladh chun an straitéis seo a bhaint amach.
- an cumas atá againn maidir le hathrú claochlaitheach a fhorbairt ar an leibhéal institiúideach, foirne agus aonair.
- próisis a bhunú trínar féidir lenár bpobal aiseolas a sholáthar maidir le cur chun feidhme na straitéise agus cabhrú lenár n-ollscoil a chur in oiriúint.



**Teorainneacha ar shláinte a shárú:** *Le taighde agus oideachas UCD a bhaineann le leigheas, tréidliacht, talmhaíocht, agus inbhuanaitheacht, tugtar aghaidh ar dhúshlán na beatha sláintiúla ar domhan sláintiúil. Mar ionad comhoibrithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), tugann Aon Sláinte Amháin de chuid UCD aghaidh ar shaincheisteanna domhanda sláinte tríd an idircheangailteacht idir daoine, ainmhithe, plandaí agus an comhshaol a aithint.*

# CAMPAIS FHISICEACHA AGUS DHIGITEACHA



Is sócmhainní iontacha do UCD agus do na pobail ar a bhfreastalaímid iad ár gcampais in Belfield, sa Charraig Dhubh agus ag Feirm Liamhna, agus ár gcampais dhomhanda. Leanfaimid d'fheabhas a chur orthu ionas gur eiseamláirí iad don dea-chleachtas maidir leis an gcaoi a n-úsáideann ollscoileanna a gcuid spásanna.

Le linn thréimhse na straitéise, forbróimid plean nua dár gcampais fhisiceacha maidir leis an úsáid a bhainimid as na spásanna atá ann cheana a uasmhéadú chun riachtanais na hollscoile a chomhlíonadh agus forbairtí nua á éascú an tráth céanna, agus machnamh faoinár gcomhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara reatha agus nua á gcur san áireamh.

Is acmhainn riachtanach é ár gcampas digiteach a chuireann taca faoi thaithí gach duine in UCD, agus athróidh na héilimh air sin a thuilleadh trí na gníomhaíochtaí sa straitéis. Cuirfimid ailtireacht fiontraíochta ar fáil lena dtugtar an chumhacht dúinn ár n-uaillmhianta san fhoghlaim, sa taighde, sa rannpháirtíocht agus i seachadadh seirbhíse a chur i gcrích.

Beidh UCD ina cheannaire smaointeoireachta agus gníomhaíochta maidir le hathrú claochlaitheach le haghaidh na hinbhuanaitheachta, agus beidh sé sin chomh follasach céanna inár gcampais is a atá sé inár n-oideachas, inár dtaighde agus inár nuálaíocht.

**Mar cheannaire infheicthe i réimse na hinbhuanaitheachta, beidh UCD ina eagraíocht neodrach faoi 2040, ag rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athshlánú, agus ag obair chun tionchar an athraithe aeráide a laghdú orainn féin agus ar dhaoine eile.**

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- forbairtí móra caipitiúla a chur i gcrích go rathúil in Ionad Fhoghlaim na Todhchaí, Eolaíocht Céim 3, árais chónaithe na mac léinn, áiseanna spórt agus fóillíochta, Feirm Liamhna, Leabharlann James Joyce, agus Foirgneamh Newman, mar aon le spás úrscothach a fhorbairt le haghaidh na foghlama, an taighde agus eispéireas na mac léinn.
- ár gcampais thar lear a fheabhsú ionas go léiríonn siad an t-eispéireas in Éirinn.
- plean campais comhtháite a fhorbairt suas le 2040 lena n-ionchorpraítear a ngnéithe nádúrtha, tógtha agus digiteacha.
- ár gcampais shármhaithe fhisiceacha a fhorbairt ar bhealach a shocraíonn caighdeáin nua agus a fheabhsaíonn eispéireas gach duine inár bpobal, ag seachadadh agus ag gníomhachtú tógálacha nua, agus an stoc atá ann cheana a athnuachan.
- treochlár soiléir ailtireachta fiontair a shocrú agus a chur chun feidhme lena chinntiú go dtacaíonn ár dteicneolaíochtaí digiteacha lenár n-uaillmhianta ó thaobh na foghlama, an taighde agus na nuálaíochta, agus na seirbhísí de.
- ár gcampais a chothú mar eiseamláirí inbhuanaitheachta, bithéagsúlachta agus athghiniúna, agus mar shaotharlanna dóibh, ag cur ár n-oideachas agus ár dtaighde chun cinn agus é sin á dhéanamh.
- plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 51% ón mbonnlíne faoi 2030, agus muid a chur ar an mbealach i dtreo neodrachta carbóin faoi 2040.



**Tús cadhnaíochta:** *Agus muid inár gceannairí maidir le nuálaíocht agus taighde agraibhia, is féidir le hÉirinn réitigh a chur ar fáil lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán aois-sainiúil an aistrithe chóir. Tá saineolaithe UCD ar thús cadhnaíochta sa taighde chun córais bhia a athrú ó bhonn agus bia inacmhainne cothaitheach a chinntiú le haghaidh saol sláintiúil. Ag ár bhfeirm taighde agus teagaisc ag Feirm Liamhna i gContae Átha Cliath, cuirimid forbairt teicneolaíochtaí nua le chéile le réitigh ar an láthair agus foghlaim ó thaithí chun an chaoi ar féidir athruithe ó bhonn a bhaint amach a léiriú.*

# COTHROM NA FÉINNE
# AD ASTRA

Bunaíodh Teorainneacha a Shárú, Straitéis i dTreo 2030 de chuid UCD, ar smaointe phobal UCD agus ar smaointe ár gcomhpháirtithe luachmhara. Léirítear ann traidisiún mór ár n-ollscoile i dtaobh difear a dhéanamh d'Éirinn, don domhan agus do shaol ár mac léinn, agus samhlaítear ann a bhfuilimid in ann a bhaint amach agus muid ag forbairt an traidisiúin sin. Agus muid ag bogadh ar aghaidh le cur chun feidhme na straitéise, seasaimid lenár luachanna agus lenár dhá mhana:

**Cothrom na Féinne | Ad Astra**